



# An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Comhairliúchán poiblí maidir  
le próiseáil sonraí pearsanta  
leanaí agus cearta leanaí mar  
ábhair shonraí faoin Rialachán  
Ginearálta maidir le Cosaint  
Sonraí



# Clár na nÁbhar

<b>Réamhrá</b>	<b>4</b>
Cad is cosaint sonraí ann?	5
Cad is sonraí pearsanta ann?	5
Cad is brí le “próiseáil”?	5
Céard is an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ann?	5
<b>Ceartha agus oibleagáidí</b>	<b>6</b>
Céard is ceartha maidir le cosaint sonraí ann?	7
Ceartha leanaí faoin RGCS	7
Oibleagáidí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí faoin RGCS agus Acht um Chosaint Sonraí na hÉireann 2018	8
Formáid chomhairliúcháin poiblí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí	8
An cuspóir leis an gcomhairliúchán	9
<b>Ceistanna don chomhairliúchán poiblí</b>	<b>10</b>
I. Leanaí mar ábhair shonraí agus feidhmiú a gceart maidir le cosaint sonraí	11
(A) Trédhearcacht agus an ceart go gcuirfí ar an eolas iad faoi úsáid sonraí pearsanta (Airteagal 12-14 RGCS)	11
(B) Ceart chun rochtana (Airteagal 15 RGCS)	11
(C) An ceart go ndéanfaí léirsciosadh (“An ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad” - Airteagal 17 RGCS)	12
II. Cosaintí	13
(A) Fíorú aoise (Airteagal 8 RGCS)	13
(B) Soláthraithe seirbhíse ar líne agus aoiseanna náisiúnta éagsúla an toilithe d’igitigh in AE (Airteagal 8 RGCS)	14
III. Gníomhaíochtaí próifílithe agus margaíochta i ndáil le leanaí (Airteagal 21-22 RGCS)	14
IV. Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú (Airteagal 25 RGCS)	15
V. Ginearálta	15



# Réamhrá

## CAD IS COSAINT SONRAÍ ANN?

Baineann an dlí maidir le cosaint sonraí le ceart bunúsach gach duine chun a sonraí pearsanta a chosaint. Nuair a thugann tú do shonraí pearsanta d'eagraíocht, tá sé de dhualgas orthu cloí le rialacha áirithe lena gcuirtear teorainn ar cad is féidir leo a dhéanamh le do shonraí pearsanta. Le chéile, mar aon leis na cearta atá ag duine maidir lena sonraí pearsanta a chosaint, tugtar cosaint sonraí ar na rialacha sin. Tugtar "rialaitheoirí sonraí" sa dlí maidir le cosaint sonraí ar eagraíochtaí a chinneadh faoin bhfáth a úsáidtear do shonraí pearsanta agus an dóigh a n-úsáidtear iad, agus tugtar "ábhair sonraí" ar dhaoine a thugann a sonraí pearsanta d'eagraíochtaí.

## CAD IS SONRAÍ PEARSANTA ANN?

Faisnéis ar bith is ea iad sonraí pearsanta a bhaineann leatsa go pearsanta nó lena bhféadfaí tú a aithint. I bhfocail eile, is píosa ar bith faisnéise iad a chuidíonn le duine eolas a fháil faoi cé thú féin, amhail d'ainm iomlán, do dháta breithe, do sheoladh ríomhphoist, d'uimhir fóin, nó do sheoladh, mar shampla.


## CAD IS BRÍ LE "PRÓISEÁIL"?

Sa dlí maidir le cosaint sonraí leagtar amach rialacha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag eagraíochtaí. Ciallaíonn próiseáil, go bunúsach, sonraí pearsanta a úsáid agus aon rud a dhéanamh leo, ó iad a bhailiú go dtí iad a stóráil, iad a aisghabháil, breathnú orthu, iad a chomhroinnt le duine éigin eile, iad a léirsciosadh agus iad a scriosadh.

## CÉARD IS AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ ANN?

Dlí AE is ea an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Is éard atá ann go bunúsach sraith rialacha maidir le cosaint sonraí a bhaineann lena chinntiú go bhfuil a fhios ag gach duine nuair a bhailítear faisnéis phearsanta fúinn agus an dóigh a mbainfear úsáid astu, agus lena dtugtar níos mó smachta dúinn maidir le húsáid na sonraí pearsanta sin. Ceann den chuid mhór athruithe a rinneadh leis an RGCS is é an bhéim úr atá curtha ar an tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a chosaint. Sula raibh an RGCS ann, ní raibh leanaí luaite áit ar bith faoi sheandlí AE maidir le cosaint sonraí. Anois, deirtear sa RGCS go bhfuil leanaí i dteideal cosaint shonrach nuair a bhaineann sé le próiseáil a sonraí pearsanta mar d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad chomh feasach faoi na rioscaí, na hiarmhairtí agus na cosaintí lena mbaineann chomh maith lena gcearta maidir le cosaint sonraí.

Ciallaíonn tabhairt isteach an RGCS go bhfuil, den chéad uair, dlí AE maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm anois lena dtugtar aird speisialta do chosaint sonraí pearsanta leanaí agus do staid leanaí mar ábhair sonraí. Mar sin féin, os rud é gur dlí é an RGCS atá bunaithe ar phrionsabail, tagann ceisteanna chun cinn faoin dóigh ar cheart líon forálacha den RGCS sa réimse seo a léirmhíniú agus a chur chun feidhme i ngníomh.



# Cearta & oibleagáidí

## CÉARD IS CEARTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ ANN?

Tá cearta sonracha ag daoine aonair maidir lena sonraí pearsanta. Áirítear leis na cearta sin, i measc nithe eile:

- (i) an ceart go gcuirfear ar an eolas thú faoi cé aige a bhfuil do sonraí pearsanta agus an fáth a bhfuiltear á bpróiseáil (trédhearcacht),
- (ii) an ceart rochtana ar do sonraí pearsanta agus go dtabharfar cóip díobh duit (rochtain),
- (iii) an ceart sonraí pearsanta neamhchruinne nó neamhiomlána a cheartú (ceartú), agus
- (iv) an ceart go léirsciosfar do sonraí pearsanta (glan).

## CEARTA LEANAÍ FAOIN RGCS

Bíonn míthuiscint ghinearálta ann de ghnáth nach bhfuil na cearta céanna maidir le cosaint sonraí ag leanaí agus atá ag daoine fásta, ach ní amhlaidh an cás. Tá na cearta céanna ag leanaí is atá ag daoine fásta maidir lena sonraí pearsanta – is a sonraí pearsanta féin iad fós sonraí fúthu agus ní le duine ar bith eile iad, amhail tuismitheoir nó caomhnóir. Mar sin féin, is é ceann de na ceisteanna nach dtéitear i ngleic leis sa RGCS an cás gur cheart go mbeadh leanaí ábalta na cearta sin a fheidhmiú díobh féin. In Éirinn, chun críocha cosanta sonraí, is ionann leanbh agus duine faoi bhun 18 mbliana d’aois.

Baineann cearta maidir le cosaint sonraí le leanaí a oiread is a bhaineann siad le daoine fásta. Baineann cosaintí a bhaineann go sonracha le leanaí i gcuid de na forálacha sin, áfach, agus ní mór d’eagraíochtaí iad sin a chur san áireamh. Mar shampla, tá oibleagáid sainráite ar eagraíochtaí faoin RGCS a chinntiú gur cheart d’fhaisnéis ar bith maidir le trédhearcacht faoi phróiseáil sonraí a dhírítear ar leanaí a bheith soiléir agus i dteanga shimplí ionas gur féidir leis an leanbh í a thuiscint (Airteagal 12.1).

In Airteagal 8 den RGCS (ar a dtugtar “aois an toilithe dhigitigh”) leagtar amach na teorainneacha maidir leis an aois íosta ar féidir le soláthraithe seirbhíse ar líne brath ar thoiliú an linbh féin chun a sonraí pearsanta a phróiseáil. In Éirinn, leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 tugtar éifeacht bhreise don RGCS agus leagtar síos ann aois an toilithe dhigitigh ag 16, rud a chiallaíonn má tá eagraíocht ag brath ar thoiliú mar an mbonn dlíthiúil (bonn cirt) maidir le sonraí pearsanta linbh a phróiseáil agus go bhfuil an leanbh faoi bhun 16 bliana d’aois, ansin ní mór an duine a bhfuil freagracht tuismitheora acu as an leanbh an toiliú a thabhairt nó a údarú.

---

## OIBLEAGÁIDÍ AN CHOIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ FAOIN RGCS AGUS ACHT UM CHOSAINT SONRAÍ NA HÉIREANN 2018

In Airteagal 57 den RGCS sonraítear go bhfuil oibleagáid ar údaráis cosanta sonraí amhail an Coimisiún um Chosaint Sonraí maidir le feasacht agus tuiscint an phobail a chur chun cinn ar na riosca, rialacha, cosaintí agus cearta a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil, go háirithe sonraí pearsanta a bhaineann le leanaí a phróiseáil. Chomh maith leis sin, de réir an Acht um Chosaint Sonraí 2018, a thugann tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí in Éirinn, tá oibleagáid ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí faoi Alt 32 daoine a spreagadh chun cóid iompraíochta a chur le chéile maidir le ceisteanna áirithe a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leanaí. Sheol an Coimisiún um Chosaint Sonraí an comhairliúchán poiblí seo chun deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar fad a dtuairim a thabhairt maidir le ceisteanna faoi phróiseáil sonraí pearsanta leanaí, faoi chaighdeáin shonracha maidir le cosaint sonraí a bhaineann le leanaí, agus faoi cheart leanaí mar ábhair shonraí. Tá freagairtí á n-iarraidh ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ó na páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear i measc dreamanna eile, tuismitheoirí, oideoirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar son cearta leanaí, comhlachtaí ionadaíochta le haghaidh tuismitheoirí agus oideoirí, chomh maith le heagraíochtaí a bhailíonn agus a phróiseálann sonraí leanaí.


Ba mhaith leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí deis a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a dtuairimí a thabhairt chomh maith. Le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh tá sé soiléir go bhfuil an ceart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl faoi shaoirse sna cúrsaí ar fad a bhaineann leo, agus aird chuí á tabhairt ar a dtuairimí de réir a n-aoise agus a n-aibíochta.

## FORMÁID CHOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AN CHOIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

Ar an gcúis sin, tá dhá phríomhshruth le comhairliúchán poiblí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir le leanaí agus ceisteanna maidir le cosaint sonraí – ceann díobh dírithe ar pháirtithe leasmhara fásta, agus an ceann eile dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga.

Is é an doiciméad seo an sruth den chomhairliúchán atá dírithe ar dhaoine fásta. In mí Eanáir 2019, áfach, seolfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí a chomhairliúchán speisialta chomh maith go díreach le leanaí agus daoine óga trí chuireadh a thabhairt do na scoileanna agus do na hIonaid Ógtheagmhála ar fad in Éirinn páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán sin. Chruthaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí plan ceachta maidir le sonraí pearsanta agus cearta maidir le sonraí pearsanta a chuideoidh le múinteoirí a scoláirí a theagasc faoi chearta bunúsacha





maidir le sonraí pearsanta agus deis a thabhairt dóibh tuairimí agus dearcthaí a scoláirí maidir leis na réimsí tábhachtacha sin a bhailiú agus iad sin a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar shlí nach n-aithneofar aon scoláire faoi leith. Cuirfear an plean ceachta seo díreach chuig na scoileanna agus na hionaid Ógtheagmhála ar fad in Éirinn agus beidh sé ar fáil go poiblí chomh maith ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ag deireadh mhí Eanáir 2019.

Beidh sé ina dhúshlán don Choimisiún um Chosaint Sonraí páirt dhíreach a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chomhairliúchán seo toisc go bhféadfadh sé bheith deacair dúinn ar fad a lán de na coincheapa i gcosaint sonraí a thuiscint, fiú dóibh siúd sa Choimisiún um Chosaint Sonraí agus do chleachtóirí cosanta sonraí. D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach chomh maith ceisteanna cosanta sonraí agus ceisteanna príobháideachais a idirdhealú ó cheisteanna agus rioscaí eile a bhíonn ann do leanaí nuair a bhíonn siad gníomhach ar líne amhail cibearbhulaíocht, andúil ar líne, agus ábhar díobhálach. Ag cur san áireamh sainchúraim reachtúil an Choimisiúin um Chosaint Sonraí mar an rialaitheoir agus feidhmitheoir le haghaidh ceisteanna cosanta sonracha, díreofar as chomhairliúchán seo ar cheisteanna a bhaineann go sonracha le cosaint sonraí amháin.


## AN CUSPÓIR LEIS AN GCOMHAIRLIÚCHÁN

Bainfidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí leas as<sup>1</sup> na freagairtí ón dá shruth dá chomhairliúchán chun ábhair threorach a chur ar fáil. Áireofar leis sin treoir a bhaineann go sonracha le leanaí agus le daoine óga, chomh maith le treoir d'eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí agus daoine óga. Lena chois sin, i ndiaidh an chomhairliúcháin, oibreoidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí le geallsealbhóirí tionscail, rialtais agus na hearnála deonaí agus lena gcomhlachtaí ionadaíochacha chun dréachtú cód iompair a spreagadh chun dea-chleachtas a chur chun cinn i measc eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí agus daoine óga.

Beidh an sruth sin den chomhairliúchán ar oscailt le haghaidh freagairtí ó gach páirtí ar suim leo é ón 19 Nollaig 2018 go dtí an 1 Márta 2019, an dá dháta sin san áireamh. Tá fáilte roimh pháirtithe a bheidh aighneachtaí á ndéanamh acu freagairt a thabhairt ar aon cheann nó ar gach ceann de na ceisteanna atá leagtha amach thíos. Ba chóir aighneachtaí a sheoladh le ríomhphost chuig [childrensconsultation@dataprotection.ie](mailto:childrensconsultation@dataprotection.ie).

**Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ábhar uile na n-aighneachtaí a gheofar mar chuid den sruth seo den chomhairliúchán agus aitheantas an pháirtí a mbeidh an aighneacht á déanamh aige nó aice (murar duine aonair an páirtí sin agus go bhfuil sé iarrtha go sainráite aige nó aige gan a ainm nó a hainm a thabhairt) a fhoilsiú.**

1. Cé go mbreithneoidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí na freagairtí ar fad a gheobhaidh sé, níor cheart go mbeadh páirtí ar bith a dhéanfaidh aighneacht leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag súil go rachfaí i ngleic le ceist, seasamh nó tuairim ar bith a ardófar san aighneacht sin i dtreoirlínte úra nó nuashonraithe ar bith maidir leis an RGCS a d'fhéadfadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí a sholáthar.



Ceisteanna

## CEISTEANNA DON CHOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Tá aighneachtaí á lorg ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí mar fhreagairt ar na ceisteanna atá leagtha amach i ndáil le gach ceann de na ceisteanna seo a leanas:

### I. Leanáí mar ábhair shonraí agus feidhmiú a gceart maidir le cosaint sonraí

#### (A) Trédhearcacht agus an ceart go gcuirfí ar an eolas iad faoi úsáid sonraí pearsanta (Airteagal 12-14 RGCS)

Ceanglaítear leis an RGCS gur cheart príomhphíosáí faisnéise áirithe a thabhairt do dhaoine aonair maidir le húsáid sonraí pearsanta ag eagraíochtaí (tugtar trédhearcacht ar oibleagáid eagraíochta an fhaisnéis sin a thabhairt) agus nach mór an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfoirm ghonta, thrédhearcach, intuigthe agus a bheidh inrochtana go héasca, ag baint úsáid as teanga shoiléir agus shimplí. Luaitear go bhfuil sé sin thar a bheith tábhachtach i gcás go bhfuil faisnéis dá leithéid á cur ar fáil do leanaí.


Áirítear ar an bhfaisnéis trédhearcachta a chaithfear a sholáthar i gcás go bhfuil sonraí pearsanta duine aonair á bpróiseáil ag eagraíocht aitheantas agus sonraí teagmhála na heagraíochta a bhfuil na sonraí pearsanta á mbailiú nó á n-úsáid aici, na cuspóirí agus an bonn cirt (ar a dtugtar an bonn dlíthiúil) maidir leis na sonraí pearsanta a bhailiú nó a úsáid, cé leis a bhfuil na sonraí pearsanta á gcomhroinnt, agus cad iad cearta cosanta sonraí an duine aonair.

#### Ceisteanna:

1. Cad iad na modhanna a d'fhéadfadh eagraíochtaí a bhailíonn agus a úsáideann sonraí pearsanta leanaí a úsáid chun an fhaisnéis trédhearcachta sin a chur in iúl go héasca do leanaí?
2. Cad é an cur chuige ba cheart d'eagraíochtaí a ndírítear a dtáirgí nó a seirbhísí ar dhaoine fásta agus ar leanaí araon a úsáid? Mar shampla, ar cheart dhá shraith ar leith d'fhaisnéis trédhearcachta a chur ar fáil a bheidh saincheaptha de réir an lucht suime ábhartha?

#### (B) Ceart chun rochtana (Airteagal 15 RGCS)

Tá an ceart chun rochtana ar cheann de na cearta is tábhachtaí maidir le cosaint sonraí toisc gur féidir le daoine aonair a fháil amach cibé an bhfuil



a sonraí pearsanta á gcoimeád ag eagraíocht faoi leith agus cóip dá sonraí pearsanta a fháil.

Cosúil le gach ceart eile maidir le cosaint sonraí, ní luaitear sa RGCS cén uair is féidir, nó cad iad na cúinsí, inar féidir le tuismitheoir nó caomhnóir iarratas ar rochtain ar shonraí pearsanta a linbh a dhéanamh, nó cén uair is féidir nó cad iad na cúinsí inar féidir le leanbh a iarratas féin ar rochtain ar a sonraí pearsanta a dhéanamh.

### Ceisteanna

3. Ag cén aois nó cad iad na cúinsí inar cheart do leanbh a bheith ábalta iarratas ar rochtain a dhéanamh le heagraíocht agus cóip dá sonraí pearsanta a fháil? An é aois an t-aon toisc ábhartha agus murab é, cad iad na tosca eile ba chearta a chur san áireamh?
4. Cad iad na cúinsí inar cheart do thuismitheoir a bheith ábalta iarratas ar rochtain a dhéanamh agus cóip dá sonraí pearsanta a fháil? An bhfuil aoisteorainn uachtarach ann nár cheart do thuismitheoir a bheith ábalta iarratas ar rochtain ar shonraí pearsanta a linbh a dhéanamh ina dhiaidh? An bhfuil cúinsí ann inar cheart don thuismitheoir agus don leanbh araon iarratas ar rochtain do shonraí pearsanta an linbh a dhéanamh le chéile?
5. Cén dóigh ar cheart cothromaíocht a fháil idir ceart tuismitheora chun leas a linbh agus ceart an linbh chun príobháideachais a chosaint agus eagraíochtaí ag déileáil le hiarratais ar rochtain do shonraí pearsanta an linbh.

### (C) An ceart go ndéanfaí léirsciosadh (“An ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad” – Airteagal 17 RGCS)

Tá an ceart ag daoine aonair go léirsciosfaí eagraíocht a sonraí pearsanta, gan mhoill mhíchuí, má tá forais áirithe i bhfeidhm. Áirítear leis sin an cás gur bhailigh soláthraí seirbhíse ar líne na sonraí pearsanta i gcás gur leanbh gur thug an duine aonair a bhfuil an t-iarratas ar léirsciosadh á dhéanamh aige nó aice a thoiliú nó a toiliú ar dtús lena sonraí pearsanta a úsáid nó a bhailiú nuair a bhí siad ina leanbh.

Sonraítear sa RGCS i gcás gur tharla sé sin, gur cheart don duine aonair a bheith ábalta a iarraidh go ndéanfaí a sonraí pearsanta a léirsciosadh toisc go raibh siad ina leanbh nuair a thug siad a dtailiú lena sonraí pearsanta a bhailiú agus a úsáid, go bhféadfadh sé nár thuig siad na rioscaí a bhaineann leis sin a dhéanamh go hiomlán.

### Ceisteanna

6. Ag cén aois nó cad iad na cúinsí inar cheart do leanbh a bheith ábalta iarratas ar léirsciosadh a dhéanamh le



heagraíocht chun go léirsciosfaí a sonraí pearsanta? An é aois an t-aon toisc ábhartha agus murab é, cad iad na tosca eile ba cheart a chur san áireamh?

7. Cad iad na cúinsí inar cheart do thuismitheoir a bheith ábalta iarratas ar léirsciosadh a dhéanamh chun go léirsciosfaí sonraí pearsanta a linbh? An bhfuil aoisteorainn uachtarach ann nár cheart do thuismitheoir a bheith ábalta iarratas ar léirsciosadh ar shonraí pearsanta a linbh a dhéanamh ina dhiaidh? An bhfuil cúinsí ann inar cheart don thuismitheoir agus don leanbh araon iarratas ar léirsciosadh a dhéanamh le chéile?

## II. Cosaintí

### (A) Fíorú aoise (Airteagal 8 RGCS)

In Éirinn, ní féidir le leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois (“aois an toilithe dhigitigh”) toiliú a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse ar líne lena sonraí pearsanta a phróiseáil. Má iarrann an soláthraí seirbhíse toiliú le sonraí pearsanta a phróiseáil chun go mbeidh an leanbh ábalta an tseirbhís a rochtain, caithfear toiliú tuismitheora a thabhairt. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an duine ag a bhfuil an fhreagracht tuismitheora as an leanbh toiliú a thabhairt. Ceanglaítear leis an RGCS, áfach, nach mór don soláthraí seirbhíse ar líne iarrachtaí réasúnta a dhéanamh lena bhfíorú gur thug sealbhóir na freagrachta tuismitheora an toiliú “agus an teicneolaíocht atá ar fáil á gcur san áireamh”.

### Ceisteanna

8. Má tá soláthraí seirbhíse ar líne ag brath ar thoiliú mar a mbonn dlíthiúil (bonn cirt) chun sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil, cad iad na modhanna a d'fhéadfaí/ba cheart a úsáid lena bhfíorú go bhfuil leanbh os cionn 16 bliana d'aois nó níos sine chun go dtabharfar rochtain don leanbh ar an tseirbhís ar líne gan toiliú tuismitheora a bheith de dhíth?
9. (a) Cad iad na modhanna a d'fhéadfadh/ba cheart do na soláthraithe seirbhíse a úsáid lena chinntiú gur sealbhóir na freagrachta tuismitheora i ndáiríre is ea an duine a bhfuil an toiliú á thabhairt aige nó aici sna cúinsí sin?  
  
(b) Cad is “iarracht réasúnta” ann a dhéanann eagraíocht lena bhfíorú gur sealbhóir na freagrachta tuismitheora ar an leanbh i ndáiríre is ea an duine a bhfuil an toiliú á thabhairt aige nó aici? Conas is ceart “iarrachtaí réasúnta” a tomhas sa chás sin?
10. Roimh an 25 Bealtaine 2018, ní raibh dlí ar bith ann lena leagadh síos aois an toilithe dhigitigh in Éirinn, ach d'éiligh a lán soláthraithe seirbhíse go mbeadh na húsáideoirí 13 bliana d'aois ar a laghad. Má tá a fhios ag soláthraí seirbhíse



ar líne anois go bhfuil úsáideoir reatha dá seirbhís faoi bhun 16 bliana d'aois, ar cheart an t-úsáideoir a ghlasáil amach as an tseirbhís go dtí go slánóidh siad 16 bliana d'aois?

### (B) Soláthraithe seirbhíse ar líne agus aoiseanna náisiúnta éagsúla an toilithe dhigitigh in AE (Airteagal 8 RGCS)

Tairgeann a lán soláthraithe seirbhíse ar líne seirbhísí ina lán thíortha AE a bhfuil aoiseanna éagsúla an toilithe dhigitigh iontu. Mar shampla, cé go gurb é 16 bliana d'aois aois an toilithe dhigitigh in Éirinn, is é 13 bliana d'aois sa Spáinn, agus 14 bliana d'aois san Ostair.

#### Ceisteanna

11. Conas is ceart do sholáthraithe seirbhíse ar líne a chinntiú go gcloíonn siad le haoiseanna éagsúla an toilithe dhigitigh i mBallstáit éagsúla?

### III. Gníomhaíochtaí próifílithe agus margaíochta i ndáil le leanaí (Airteagal 21-22 RGCS)

Is éard is próifíliú ann dóigh le sonraí pearsanta duine éigin a úsáid chun saintréithe faoin duine sin a thuar nó a anailísiú amhail seirbhísí a mbeidh suim acu iontu, na rudaí is mian leo agus nach mian leo, roghanna, tuairimí agus dearcthaí, nó a n-iompar, i measc rudaí eile. Mar shampla, d'fhéadfadh eagraíocht faisnéis a bhailiú óna gcustaiméirí nó óna n-úsáideoirí le hiarracht a dhéanamh seirbhísí nó táirgí eile a bhféadfadh siad suim a bheith acu iontu a thuar.

Is féidir le próifíl úsáideora a bheith ina uirlis an-luachmhar i dtéarmaí ioncaim d'eagraíocht toisc gur féidir leis an bhfaisnéis mhionsonraithe ar dhuine aonair atá sa phróifíl cuidiú leis an eagraíocht faisnéis, fógraí agus ábhair mhargaíochta a shaincheapadh, i measc nithe eile, go beacht de réir suimeanna, riachtanais nó tuairimí daoine aonair. Mar shampla, má chliceálann duine aonair go minic ar phoist ar líne faoi cheoltóir faoi leith nó má chuireann siad "is maith liom" ar phictiúr éadaigh ó shiopa faoi leith, b'fhéidir go dtosóidís ag feiceáil fógraí le haghaidh ticéad do cheolchoirm an cheoltóra sin nó do cheolchoirmeacha ealaíontóirí comhchosúla ag teacht suas ar fhothú a meán sóisialta, nó b'fhéidir go dtosóidís ag feiceáil fógraí a insíonn dóibh go bhfuil reic ar siúl sa siopa faoi leith sin nó i siopaí comhchosúla. Is é an chúis leis sin go ndéanann oibreoirí ar líne an cineál sin faisnéise faoi úsáideoirí a bhailiú agus a chomhroinnt le chéile i gcónaí agus go gcuireann siad leis an bpróifíl atá á bhforbairt fúthu. Ar an tslí sin, bíonn próifíl an úsáideora mar an mbonn ar a roghnaítear ábhair shonracha fógraíochta agus margaíochta chun díriú ar an úsáideoir sin.

Ní fhorchuirtear toirmeasc iomlán leis an RGCS ar eagraíocht a dhéanann fógraíocht nó margaíocht i measc leanaí, ach sonraítear ann gur cheart dóibh cosaintí sonracha a chur i bhfeidhm do leanaí agus margaíocht á díriú orthu nó próifílí úsáideora á gcruthú acu. Lena chois sin, i dtreoir chomhchoiteann arna heisiúint ag údaráis cosanta sonraí AE (an Bord



Eorpach um Chosaint Sonraí (“EDPB”) moltar mar gheall go bhfuil leanaí níos leochailí, gur cheart d’eagraíochtaí, go ginearálta, staonadh ó phróifílí aonair a chruthú ar leanaí chun críche margaíochta. Tá an ceart ag gach duine aonair (leanaí san áireamh) chun cur i gcoinne a sonraí a phróiseáil chun críche margaíochta dhíreach.

### Ceisteanna

12. I gcás go ndírítear margaíocht ar leanbh, cad iad na tosca ba cheart a chur san áireamh agus cothromaíocht á fáil idir leasanna dlisteanacha eagraíochta féin maidir le margaíocht dhíreach a dhéanamh agus leasanna agus cearta an linbh a bhfuil an mhargaíocht á díriú air nó uirthi?
13. Ar cheart cosc a chur ar eagraíochtaí leanaí a phróifíliú chun críche margaíochta? Más ceart, ar cheart go mbraithfeadh sé sin ar aois nó go mbraithfeadh sé ar thosca eile? Más ceart, cad iad na tosca eile?

## IV. Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú (Airteagal 25 RGCS)

Leis an RGCS forchuirtear oibleagáid um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú ar eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta. Ciallaíonn sé sin gur cheart cosaint sonraí agus cosaint príobháideachais a ionsú i dtáirge mó i seirbhís ó thús an phróisis deartha (seachas é a bhreithniú i ndiaidh na céime forbartha) agus gur cheart na socrúithe príobháideachais is doichte a chur i bhfeidhm go huathoibríoch ar tháirge nó ar sheirbhís (seachas a bheith ar an úsáideoir iad a ghníomhachtú). Is breithnithe thar a bheith ábhartha na hoibleagáidí sin d’eagraíochtaí a n-úsáideann leanaí a dtáirgí nó a seirbhísí nó a dtairgtear a dtáirgí nó a seirbhísí dóibh.

### Ceisteanna

14. Cad iad na bearta ba cheart d’eagraíochtaí a dhéanamh chun prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chuimsiú sna seirbhísí agus sna táirgí a thairgeann siad do leanaí?
15. An gceapann tú gur cheart do tháirgí/seirbhísí a úsáideann leanaí nó a thairgtear do leanaí socrúithe príobháideachais réamhshocrúithe ionsuite a bheith leo a athraíonn de réir aois agus chumais forbartha an linbh? Mar shampla, ar cheart go mbeadh socrúithe príobháideachais níos doichte ann do leanaí níos óige? Conas is ceart éifeacht a thabhairt do na hathraithe sin sna socrúithe príobháideachais?

## V. Ginearálta

16. An bhfuil ceisteanna sonracha ar bith ba mhaith leat a ardú leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le hábhair an chomhairliúcháin seo?

